TG4

# Láithreoir Aimsire / Leanúnachais & Meán Sóisialta le TG4

## Conradh Painéil

Is mian le TG4 **Láithreoir Aimsire/Leanúnachais agus Meán Sóisialta** a earcú. Is obair pháirtaimseartha ar chonradh phainéil a bheidh i gceist agus beidh an té seo lonnaithe sa Cheannáras i mBaile na hAbhann i nGaeltacht na Gaillimhe. Freagróidh an Láithreoir Aimsire/Leanúnachais don Stiúrthóir Lucht Féachana, Margaíochta agus Comhpháirtíochta. Beidh ról lárnach ag an té a cheapfar ag cur sceideal TG4 i láthair an phobail féachana, ar an teilifís agus ar na meáin shóisialta.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais cháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i ndáil le hÉagsúlacht. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

**An Ról**
Beidh an té a cheapfar ag feidhmiú mar Láithreoir Leanúnachais & Aimsire le TG4 agus ar na Meáin Shóisialta. Beidh an té seo freagrach as na nithe seo a leanas:

- Faisnéis aimsire, ábhar clár agus leanúnachas a chur i láthair ar TG4
- Cumarsáid a dhéanamh leis an Lucht Féachana trí Ghuthú, ar na Meáin Shóisialta & srl.
- Cur le branda TG4 trí Ghlór agus Aitheantas a thabhairt don chainéal, ar an aer, ar líne agus i measc an phobail.
- An lucht féachana a threorú chuig ábhar TG4.
- Ionadaíocht a dhéanamh do TG4 ag ócáidí pobail agus poiblí.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

Ní mór cumas láithreoireachta, teacht i láthair taitneamhach, urlabhra shoiléir agus ardchumas sa scríobh agus sa chumarsáid a bheith ag an té a cheapfar don phost seo.

- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.
- Fócas dearfach agus cumas maith foirne
- Sár-thuiscint ar chumas na meán sóisialta agus na n-ardán digiteach lucht féachana a aimsiú.
- Taithí ar ábhar físe / fuaime a chruthú do na hardáin shóisialta.
- Tuiscint ar an bpobal féachana atá ag TG4
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ard-tuiscint ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).
- Taithí mhaith ar thaighde a dhéanamh
- A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

Is i gCeannáras TG4 a bheidh an post seo.

4pm Dé hAoine an 16 Eanáir 2026 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol mír físe 1’00” ar fhad ag cur síos ort fhéin, mar aon le do CV chuig cv@tg4.ie.